2023/2410

25.10.2023

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2410 ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Deireadh Fómhair 2023

maidir le Cathaoirleach Bhord Maoirseachta BCE a cheapadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013, lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa ([1]), agus go háirithe Airteagal 26(3) de,

Ag féachaint don togra ón mBanc Ceannais Eorpach,

Ag féachaint don fhormheas ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Deireadh Fómhair 2013, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa.

(2) Tá an Bord Maoirseachta le tabhairt go hiomlán faoi phleanáil agus faoi fhorghníomhú na gcúraimí a thugtar do BCE, ar a bhfuil an Cathaoirleach, an leas-Chathaoirleach agus ceathrar ionadaithe ó BCE chomh maith le hionadaí amháin ón údarás inniúil náisiúnta i ngach Ballstát rannpháirteach.

(3) Is comhlacht sár-riachtanach é an Bord Maoirseachta agus cúraimí maoirseachta á bhfeidhmiú ag BCE. Dá bhrí sin, le Rialachán (AE) Uimh 1024/2013, tugadh de chumhacht don Chomhairle Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach ar an mBord Maoirseachta a cheapadh.

(4) An 6 Nollaig 2018, cheap an Chomhairle an Cathaoirleach reatha ar an mBord Maoirseachta trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1958 ón gComhairle ([2]). De bhun Airteagal 26(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, is é 5 bliana téarma oifige Chathaoirleach an Bhoird Maoirseachta agus ní féidir é a athnuachan.

(5) An 13 Meán Fómhair 2023, i gcomhréir le hAirteagal 26(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, ar bhonn nós imeachta roghnúcháin oscailte i measc daoine aonair a bhfuil seasamh agus taithí aitheanta acu i gcúrsaí baincéireachta agus airgeadais agus tar éis éisteacht a thabhairt don Bhord Maoirseachta, chuir BCE togra maidir le Claudia-Maria BUCH a cheapadh ina Cathaoirleach an Bhoird Maoirseachta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa lena fhormheas. D'fhormheas Parlaimint na hEorpa an togra sin an 3 Deireadh Fómhair 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar Claudia-Maria BUCH mar Chathaoirleach Bhord Maoirseachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh ar feadh tréimhse 5 bliana ón 1 Eanáir 2024.

([1]) IO L 287, 29.10.2013, lch. 63.
([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1958 ón gComhairle an 6 Nollaig 2018 maidir le Cathaoirleach Bhord Maoirseachta BCE a cheapadh (IO L 315, 12.12.2018, lch. 25).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 19 Deireadh Fómhair 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
F. GRANDE-MARLASKA GÓMEZ